

Cruinniú Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha  
na Gaeilge

**Seisiún eolais ar scrúduithe Gaeilge T2 na Sraithe Sóisearaí, 2022.**

**1 Márta 2023**

**Ráiteas tosaigh**

**Andrea Feeney**  
**Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin**  
Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**Déan comparáid leis an gcur i láthair**

Andrea Feeney is ainm domsa agus is mise Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Liom anseo inniu, tá Elaine Sheridan, comhghleacaí liom in CSS agus Ceannaire Rannóg na Scrúduithe agus an Mheasúnaithe.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leatsa, a Chathaoirligh, agus le comhaltaí an Choiste as an gcuireadh anseo chun eolas a thabhairt faoi scrúduithe Gaeilge T2 sa tSraith Shóisearach in 2022.

Is é an ról atá ag CSS polasaithe scrúduithe agus measúnaithe a chur i bhfeidhm faoi stiúir an Aire Oideachais.

Cuireann an CNCM comhairle ar an Aire faoi fhorbairt an churaclaim.

Tá córas níos leithne measúnaithe agus tuairiscithe mar chuid de pholasaí an Rialtais maidir le hAthbhreithniú ar an tSraith Shóisearach.

Socraíonn CSS ar na mionsonraí maidir le struchtúr agus ábhar an scrúdaithe i ngach aon ábhar scoile ar leith trí chomhairliúchán leis an Roinn Oideachais agus leis an CNCM, agus déantar na mionsonraí sin a dhearadh chun sampláil chuí a dhéanamh ar na torthaí foghlama.

Réitíonn CSS na scrúduithe deiridh de réir na struchtúr uileghabhálach atá leagtha amach ag an Roinn atá mar chuid d'Athbhreithniú na Sraithe Sóisearaí.

Bhí próiseas mionchúiseach i gceist le réiteach na bpáipéar le cinntiú gur réitíodh iad de réir threoirlínte agus phrótacail CSS agus go bhfuil siad ag teacht go hiomlán leis an tsonraíocht.

- Mar chuid den phróiseas sin, d'athbhreithnigh saineolaithe ábhair na páipéir chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht, ar a oiriúnaí a mheasann siad na torthaí foghlama éagsúla, ar shoiléire na teanga iontu agus ar an dúshlán a bhaineann leo.
- Feictear do CSS go bhfuil scrúduithe Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, 2022 – idir struchtúr, ábhar, leagan amach agus leibhéal deacrachta – ag teacht go hiomlán le haidhm uileghabhálach an Athbhreithnithe ar an tSraith Shóisearach.
- Féadtar a thabhairt do bhur n-aire go dtugann gnóthachtáil na n-iarrthóirí sna scrúduithe, agus caighdeán na hoibre a chuir siad ar fáil, le tuiscint go raibh tromlach mór na n-iarrthóirí in ann tabhairt faoi na tascanna scrúdaithe mar is cuí agus torthaí a bhaint amach a thug léiriú cuí ar an gcaoi ar éirigh leo na torthaí foghlama a bhaint amach.

## **Conclúid**

Maidir le T1 agus T2 sa Ghaeilge, tuigtear dúinn go bhfuil obair ar siúl ag an CNCM ar athbhreithniú luath sa chur i bhfeidhm, próiseas a bhfuil cineálacha éagsúla aiseolais agus taighde i gceist leis.

Tá súil againn go dtuigfidh an Coiste gur gníomhaireacht muid atá freagrach as cur i bhfeidhm cinntí polasaí a dhéanann an Roinn agus an tAire agus, dá réir sin, nach mbeadh sé cuí dá labhróimis faoi na polasaithe féin.

Tá Iníon Sheridan agus mé féin sásta aon cheisteanna atá ag an gCoiste a fhreagairt ach iarraimid ar an gCathaoirleach, le do thoil, gur trí Bhéarla a bheadh aon phlé eile linn ionas gur féidir tabhairt faoin bplé sin go líofa, soiléir.

## Aguisín 4 – PGSSanna Samplacha

SAMPLA de PGSS Leibhéal 3

|  <b>PRÓIFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ</b> |                | Minnie Mouse <b>2022</b>                                                             |                                                                                                                                              |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------|--------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|  <b>Scrúduithe Deiridh Deimhnithe Ag An Stát</b>   |                | <b>Measúnuithe Rangbhunaithe – Ábhair</b>                                            |                                                                                                                                              |
| <b>Gaeilge T2 (G)</b>                                                                                                               | Tuillteanas    | <b>Gaeilge T2</b>                                                                    | Punann Taanga<br>Tasc Cumarsaideach<br>Thar barr ar fad<br>Os cionn na n-ionchas                                                             |
| <b>Béarla (A)</b>                                                                                                                   | Tuillteanas    | <b>Béarla</b>                                                                        | Oral Communication<br>The Collection of the Student Texts<br>Os cionn na n-ionchas<br>Thar barr ar fad                                       |
| <b>Matamaitic (G)</b>                                                                                                               | Ardtuillteanas | <b>Matamaitic</b>                                                                    | Inscrúidí Matamaiticúil<br>Inscrúidí Staitistúil<br>Thar barr ar fad<br>Ag teacht leis na hionchais                                          |
| <b>Stair (C)</b>                                                                                                                    | Tuillteanas    | <b>Stair</b>                                                                         | An t-am atá thart i míl<br>Seol i dTráimhse Ama<br>Thar barr ar fad<br>Neamhthuariscithe                                                     |
| <b>Tíreolaíocht (C)</b>                                                                                                             | Tuillteanas    | <b>Tíreolaíocht</b>                                                                  | Tíreolaíocht sa nuacht<br>Mo thíreolaíocht<br>Neamhthuariscithe<br>Os cionn na n-ionchas                                                     |
| <b>Fraicis (C)</b>                                                                                                                  | Tuillteanas    | <b>Fraicis</b>                                                                       | Cumarsáid Ó Bhríde<br>Punann Taanga an Scoláire<br>Os cionn na n-ionchas<br>Níor chomhlán na hionchais go fóill                              |
| <b>Staidéar Gnó (C)</b>                                                                                                             | Gnóthaithe     | <b>Staidéar Gnó</b>                                                                  | Gnó á chur i ngníomh<br>Cur i láthair<br>Níor chomhlán na hionchais go fóill<br>Ag teacht leis na hionchais                                  |
| <b>Eacnamaíocht Bhaile (C)</b>                                                                                                      | Tuillteanas    | <b>Eacnamaíocht Bhaile</b>                                                           | Teicstí Cruthaitheacha a chur i gcrích<br>Treoir le heighdeacht Scileanna Líbairtheachta Bhaile<br>Os cionn na n-ionchas<br>Thar barr ar fad |
| <b>Eolaíocht (C)</b>                                                                                                                | Gnóthaithe     | <b>Eolaíocht</b>                                                                     | Inléachadh Turgnamhach Sínta<br>Inléachadh Eolaíochta sa tSochaí<br>Ag teacht leis na hionchais<br>Neamhthuariscithe                         |
| <b>Amharc-ealaíne (C)</b>                                                                                                           | Ardtuillteanas | <b>Amharc-ealaíne</b>                                                                | Ó Phróiseas go Cur i gcrích<br>Cuir in iúl agus Déan Machnamh<br>Níor chomhlán na hionchais go fóill<br>Os cionn na n-ionchas                |
| <b>Réimsí Eile Foghlama</b>                      |                | <b>Measúnuithe Rangbhunaithe - Gearrchúrsaí</b>                                      |                                                                                                                                              |
|                                                  |                | <b>Folláine</b>                                                                      |                                                                                                                                              |
|                                                                                                                                     |                | Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP)<br>Os cionn na n-ionchas       |                                                                                                                                              |
|                                                                                                                                     |                | Corpóideachas<br>Neamhthuariscithe                                                   |                                                                                                                                              |
|                                                                                                                                     |                | Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sínta (OSPS)<br>Ag teacht leis na hionchais       |                                                                                                                                              |
| <b>Réimsí Eile Folláine</b>                    |                |  |                                                                                                                                              |
| <b>Príomhoide</b><br>Mr. John Smith                                                                                                 |                | <b>Ceann Bliana</b><br>Testing                                                       |                                                                                                                                              |
| <b>Uimhir rolla:</b> 10000X                                                                                                         |                | My Schoolá<br>Cornamaddy, Ballymahon New<br>Road, Athlone, Co. Westmeath<br>N37 TR23 |                                                                                                                                              |
|                                                |                |                                                                                      |                                                                                                                                              |
| Aithnítear agus taifeadtar gnóthachtálacha sa tSraith Shóisearach ar an PGSS seo                                                    |                |                                                                                      |                                                                                                                                              |

Minnie Mouse

My Schoolá



## PROFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

### TUISCINT A FHÁIL AR PHROFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ (PGSS)

Déanann Profíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí clárú ar ghnóthachtáil scoláirí in ábhair agus i ngearrchúrsaí atá aillinithe a bheag nó a mhór le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Calíochtaí (CNC) agus Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) agus gearrchúrsaí atá aillinithe a bheag nó a mhór le Leibhéal 2 agus Leibhéal 1 den Chreat Náisiúnta Calíochtaí.

| Grádú na Scrúduithe Deiridh | Tuairiscíní MRB | Aonaid Tosaíochta Foghlama                                             |
|-----------------------------|-----------------|------------------------------------------------------------------------|
| Tuairiscín                  | Céatadán        | Thar barr ar fad                                                       |
| Gradam                      | ≥ 90 to 100     | Os Clonn na nIonchais                                                  |
| Ardtuillteanas              | ≥ 75 and < 90   | Ag Teacht leis na hIonchais                                            |
| Tuillteanas                 | ≥ 55 and < 75   | Níor Chomhlíon na hIonchais go Fóill                                   |
| Gnóthaithe                  | ≥ 40 and < 55   | I gcás nach bhfaigheann scoláire tuairiscín do                         |
| Páirtghnóthaithe            | ≥ 20 and < 40   | MRB, úsáidtear an téarma 'gan tuairiscíú'                              |
| Neamhghrádaithe (NG)        | ≥ 0 and < 20    |                                                                        |
|                             |                 | ATF Leibhéal 2 agus Tuairiscín Gearrchúrsa Gnóthaithe                  |
|                             |                 | ATF Leibhéal 1 agus Tuairiscíní Gearrchúrsa Curtha i gcrích go rathúil |
|                             |                 | Dul chun cinn déanta                                                   |

I gcás chothórt na scoláirí a chríochnaigh an tsraith Shóisearach in 2022, tugadh isteach socrúithe measúnaithe leasaithe maidir le measúnaithe rangbhunaithe a chur i gcrích mar thoradh ar phaindéim COVID-19. De réir na socrúithe leasaithe sin, bhí ar gach scoláire MRB amháin ar a laghad a chur i gcrích i ngach ábhar in Ionad dhá cheann mar is gnách.

#### Reimsí Eile Foghlama

Soláthraíonn an chuid seo deis do scoileanna chun tuairiscíú a dhéanamh ar ghnóthachtálacha i reimsí eile foghlama a raibh na scoláirí páirteach iontu.

### Bearta cuimsitheachta sna Scrúduithe Stáit

Is croiphriomsabail iad cuimsitheacht agus trédhearcacht atá mar bhonn taca le Scrúdú na Sraithe Sóisearaí. I dtosca áirithe, is féidir leis an iarrthóir roghnú a thioradh in ábhar ar leith a bheith bunaithe ar gach gné den scrúdú san ábhar sin sea chas gné áirithe. Cuireann an Coimisiún beim air gur léiríú cruinn iomlán ar fheidhmíocht an iarrthóra sa scrúdú i ngach cás é an tuairisceoir a bhronntar.

Minú ar na coid uimhriúla éagsúla a ghabhann leis an tuairisceoir in aon chás nach ndearnadh measúnú ar ghné áirithe den scrúdú:

- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné na cluastuisceana.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an ngné phraiticiúil.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an litríú agus ar ghné na poncaíochta sa scríobh.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné na léitheoireachta.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an litríú agus ar roinnt gnéithe den ghramadach.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné an tionscadail.
- Rinneadh gach cuid den scrúdú a mheasúnú ach amháin tástáil scileanna grafacha sa pháipéar scríofa.